

Deireadh Fómhair 2024

Cill Dara le Gaeilge

Nuachtlitir



Fáilte chuig Nuachtlitir Chill Dara le Gaeilge! Má tá tuilleadh eolais uait ar aon cheann de na míreanna nuachta seo, féach ar rannóg nuachta ár [suíomh gréasáin anseo](#). Má tá scéal ar bith agat ar mhaith leat a chur sa nuachtlitir, seol chugainn é.


Welcome to the Cill Dara le Gaeilge Newsletter! If you want more information on any of the news segments below, see the news section of [our website here](#). If you have any story you'd like to be included in our newsletter, send it to us to share.



Bí ar an eolas faoi imeachtaí Chill Dara le Gaeilge



FÉILIRE IMEACHTAÍ!



Tá féilire ar fáil anois ar www.cilldaralegaeilge.ie/imeachtaí áit ar féidir teacht ar na himeachtaí Gaeilge atá ar siúl sa chontae. Agus má tá imeacht á eagrú agat féin, is féidir leat é a chlárú ar an bhféilire [anseo](#)!

There is a new events calendar on our website where you can find details of Irish-language events happening in the county. And if you are organising an event, you can register it on our calendar [here](#)!

POBAL WHATSAPP

Is ann do ghrúpa WhatsApp "Pobal na Gaeilge, Co. Chill Dara", ina bhfuil grúpaí Gaeilge éagsúla a bhfuil baint acu le Cill Dara le Gaeilge agus áit a roinntear nuacht agus fógraí maidir le cúrsaí Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge atá ar siúl i gcontae Chill Dara. Is féidir a bheith i do bhall den phobal ach clárú [anseo](#).

We have a WhatsApp group "Pobal na Gaeilge, Co. Kildare" for sharing news and notices with the different Irish-language groups affiliated to Cill Dara le Gaeilge. You can join the group by registering [here](#).





Meitheal na nÓg 2024



Ar an 24 Meán Fómhair in Óstán an Townhouse, ba léir go raibh an Ghaeilge beo i Nás na Ríogh agus grúpa daltaí scoile bailithe le chéile d'imeacht úrnua a d'eagraigh Cill Dara le Gaeilge - Meitheal na nÓg. Bhí daltaí i láthair ó 4 cinn de na 5 mheánscoil i gceantar Nás na Ríogh agus bhí atmaisféar thar a bheith beomhar ann. Tá Cill Dara le Gaeilge ag súil le rud bliantúil a dhéanamh den Mheitheal amach anseo.

On the 24th of September in the Townhouse Hotel, it was clear that the Irish language was alive and well in Naas as a group of students gathered for a brand new event organised by Cill Dara le Gaeilge - Meitheal na nÓg. Students from 4 of the 5 secondary schools in the Naas area attended and contributed to a lively atmosphere. We are looking forward to making this event a yearly one.

[Léigh an tuairisc iomlán anseo](#) | [Read the full report here](#)





Oireachtas na Samhna



Beidh Oireachtas na Samhna ar siúl i gCill Airne, Co. Chiarraí ón 30 Deireadh Fómhair - 3 Samhain. Cuirfear clár spleodrach faoi bhráid phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta um Shamhain arís. Is buaicphointe na bliana do lucht labhartha na Gaeilge í an fhéile seo. Tar chugainn ag seastán Chill Dara le Gaeilge ag Aonach an Oireachtais le heileo a rá! Is féidir ticéad don Oireachtas a fháil [anseo](#).

Oireachtas na Samhna will take place in Killarney, Co. Kerry from 30th October – 3rd November, with an exciting programme in place for the Irish-language and Gaeltacht community once again. This festival is the highlight of the year for Irish speakers. Call over to say hi to us at the Cill Dara le Gaeilge exhibition stand in Aonach an Oireachtais! You can purchase your festival ticket [here](#).





Tá an grúpa “Teaghligh Chill Dara” ann le tacú le tuismitheoirí atá ag tógáil a gclainne nó ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Tá tuilleadh eolais faoin ngrúpa [anseo](#). Tá grúpa WhatsApp againn freisin ina roinntear eolas úsáideach do thuismitheoirí agus eolas faoi na himeachtaí a eagraíonn Cill Dara le Gaeilge. Is féidir clárú leis an ngrúpa WhatsApp [anseo](#).

Teaghligh Chill Dara is a group for parents who are raising their family through Irish, or who are interested in doing so. You can access our supports [here](#). We also have a WhatsApp group to share information useful to parents and about the family events. You can join the WhatsApp group [here](#).

Rang ióga don teaghlach
Family yoga

le **CILL DARA le GAEILGE** agus **PLAY LIKE APES**

Spraoi & craic le chéile
Do leanaí 0-9 agus duine fásta leo
Gaelcholáiste Chill Dara, Nás na Ríogh,
Dé Sathairn 30/11, 10.00 - 11.00

Imeacht dátheangach é seo This is a bilingual event

CEANNAIGH TICÉAD : <https://www.tickettailor.com/events/cilldaralegaeilge>

Tá Cill Dara le Gaeilge an-sásta a bheith ag obair i gcomhar le [Play Like Apes](#) le rang ióga a chur ar siúl roimh an Nollaig do leanaí agus duine fásta ina dteannta. San áireamh sa rang ióga beidh cluichí, gluaiseacht, spraoi, agus am do ghráiní agus sciste ina dhiaidh sin. Seisiún dátheangach a bheidh ann. Tá líon teoranta spásanna ann mar sin ceannaigh ticéad gan mhoill ag <https://www.tickettailor.com/events/cilldaralegaeilge>.

Cill Dara le Gaeilge is delighted to collaborate with [Play Like Apes](#) for a Christmas themed yoga class for children and their grown ups on November 30th. The yoga session will include some games, movement, play time, fun followed by time to cuddle and chill. This will be a bilingual session. There are a limited number of places so buy your ticket now at <https://www.tickettailor.com/events/cilldaralegaeilge>.



Teaghlaigh Chill Dara



Ceardlann Oíche Shamhna

Bóthar Osberstown Osberstown Road
Na Solláin Sallins W91 EC80

14:30-17:30, Dé Sathairn Saturday 26/10/24

Cuirfear sólaistí beaga ar fáil, cois tine!

Light refreshments will be provided, by the fire!

Is imeacht trí Ghaeilge do theaghlaigh é seo

This is an Irish language event for families

Páistí Children 5-12: €10

Tuistí/Caomhnóirí Parents/Guardians:

Saor in aisce Free

Cláraigh anseo! Register here!

#ceardlannchilldaralegaeilge





Siúlóid Phobail

Canáil Nás na Ríogh
Naas Canal

Buailfimid le chéile ag Aroma Mocha
Meeting at Aroma Mocha

16/11/2024, 12:00



Imeachtaí sa Leabharlann



SCÉALAÍOCHT SA LEABHARLANN 2024



Scéalta, rannta agus amhráin le haghaidh leanaí óga agus duine fásta leo
Stories, rhymes and songs for young children and an accompanying adult


Leabharlann Nás na Ríogh

Naas Library

Dé Sathairn 10.30am Saturdays

09/11; 23/11; 7/12

LE TACAÍOCHT Ó:



CLUB LEABHAR FÓMHAR 2024



Leabharlann Nás na Ríogh
An dara Máirt den mhí 18.45-19.45 i.n

12/11; 10/12

Teacht le chéile míosúil le leabhair
Ghaeilge a phlé agus le do chuid Gaeilge
a fheabhsú tríd an léitheoireacht i
dtimpeallacht bhreá réchúiseach.

Cláraigh leis an ngrúpa WhatsApp anseo!





Ciorcail Chomhrá i gContae Chill Dara



An raibh a fhios agat go mbíonn ciorcal comhrá ar siúl i mbeagnach gach leabharlann i gcontae Chill Dara? Agus go mbíonn imeachtaí rialta ar siúl i nGaeilge nó go dátheangach iontu? Is féidir clárú do nuachtlitir na leabharlainne [anseo](#).

Did you know that there is a conversation circle in almost every library in County Kildare? And that they host regular events in Irish or bilingually? You can register for the library newsletter [here](#).

Caife agus comhrá



GACH MAIDIN DÉ CÉADAIGIN AR 10.30

Caifé INSOMNIA
An Phríomhshráid
Nás na Ríogh

- Fáilte roimh chách
- Áit spraoi ar fáil do leanaí
- Caint agus comhlúadar do dhaoine fásta



Táimid ag baint an-taitneamh as na maidineacha caife gach maidin Dé Céadaoin ag 10:30 in Insomnia, Nás na Ríogh. Cuirtear fáilte mhór roimh dhaoine nua am ar bith, agus fáilte roimh leanaí leis.

We are really enjoying the coffee mornings every Wednesday morning at 10:30 in Insomnia, Naas. Newcomers are warmly welcomed at any time, and children are welcome.

Bricfeasta as Gaeilge



Café Aroma Mocha, Nás na Ríogh,

Gach Satharn, 11:00 - 12:00,

Fáilte roimh chách,

gaeilge@sultnasollan.ie



Tagann pobal na Gaeilge le chéile gach Satharn ag 11:00 do Bhricefeasta as Gaeilge i gCafé Aroma Mocha, Nás na Ríogh. Fáilte roimh chách! Tuilleadh eolais: gaeilge@sultnasollan.ie

The Irish language community meets every Saturday at 11:00 for breakfast as Gaeilge in the café, Aroma Mocha Café in Naas. Everyone is welcome! For more information: gaeilge@sultnasollan.ie



Ranganna Gaeilge



Ranganna Gaeilge Irish Language Classes



19:00-20:00 TOSAITHEOIRÍ **BEGINNERS**
20:00-21:00 MEÁNLEIBHÉAL **INTERMEDIATE LEVEL**
Dé Máirt Every **Tuesday** 24/09/24-12/11/24
€60 EURO IN AGHAIDH AN CHÚRSA **PER COURSE**

The Monread Community Centre
Ascaill an Mhaidilín **Maudlins Avenue** Nás na Ríogh **Naas**
Co. Chill Dara **Co. Kildare** W91 FNV9

Cláraigh anseo! Register here!

Tús Maith

Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí/caomhnóirí
Irish Language Classes for parents/guardians

Leibhéal 1 20:00-21:00:
Tosaitheoirí **Complete beginners**

Leibhéal 2 21:00-22:00:
Daoine a bhfuil an cúpla focal acu
People with "cúpla focal"

Ar siúl ar Zoom **On Zoom** 03/10/24-28/11/24

Cláraigh anseo! Register here!





Gnó Chill Dara



An raibh a fhios agat gur féidir leat do ghnó a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as an nGaeilge? Táimid anseo le cabhrú leat! Cláraigh le scéim gnó Gaeilge an chontae, Gnó Chill Dara. Tar i dteagmháil linn – tá an scéim seo saor in aisce! Cláraigh anseo.

Did you know that you can promote your business through the use of the Irish Language? We are here to help! Register with the Irish business scheme for the county, Gnó Chill Dara. Get in touch with us – this scheme is free of charge! [Register here.](#)

Bain úsáid as do chúpla focal - Go on, give it a go!

Gaeilge	Béarla	Phonetic
An féidir liom cabhrú leat?	Can I help you?	On faydir lum cow-roo leat?
Is féidir/ní féidir	It is possible/it is not possible	Iss faydir/nee faydir
Gabh mo leithscéal	Excuse me	Gow mu leh-scay-el
Go n-éirí leat/libh	Good luck s/p*	Gu ny-ree lat (s)/liv (p)
Más é do thoil é	Please	Mawsh eh duh hull eh
Le do thoil	Please	Leh duh hull
Abair é sin arís, más é do thoil é	Say that again please	Ahber eh shin err ees, Mawsh eh duh hull eh

GNO
CHILL DARA



Cuir le do ghnó!
Grow your business!

Ag obair le chéile...

- Attract new customers
- Increase customer loyalty
- Seek opportunities!



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media



Crannchur
Náisiúnta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal



Grúpaí Pobail i gCill Dara



Léim an Bhradáin Leixlip

[Tuilleadh eolais](#)
[More information](#)

Gaeilge Chois Bhearú

Átha Í Athy

[Tuilleadh eolais](#)
[More information](#)



Maigh Nuad

Maynooth

[Tuilleadh eolais](#)
[More information](#)



Cill Dara/Droichead Nua

Kildare/Newbridge

[Tuilleadh eolais](#)
[More information](#)



Na Solláin/Nás na Ríogh

Sallins/Naas

[Tuilleadh eolais](#)
[More information](#)



Gaeilge an Bhradáin

CILL

DARA

le

GAEILGE



OÍCHE SHÓISIALTA A SOCIAL NIGHT

Comhrá agus Deoch as Gaeilge!
Chat and a drink using Irish!
Beginners very welcome!



GAEILGE AN BHRADÁIN

The Courtyard Hotel

An **CHÉAD DÉARDAOIN** gach Mí!
(The 1st Thursday of the month)

8 a chlog/ 8pm

Bí linn!
Join Us!

Join our
whatsapp group
to keep up to
date with events





GAEILGE
NUADA

Ciorcal Comhrá

Leabharlann Phobal Mhaigh Nuad,
Dé Máirt Tuesday: 11:00-12:00

Club Ghaeilge Nuada

An Chéadaoin dheireanach den mhí,
Gaelscoil Ruairí, 7-9 i.n.

An chéad teacht le chéile eile,
23ú Deireadh Fómhair

(Ciorcal Cómhra, Club Leabhar, Rang do Thosaitheoirí,
Sólaistí saor in aisce)

Cluichí Cláir do Pháistí

Leabharlann Phobal Mhaigh Nuad
Dé Sathairn, dátaí le socrú

Chun tuilleadh sonraí a fháil seol ríomhphost chugainn ag:
eolas@gaeilgenuada.ie



Glór an Churraigh



Dáta	Am	Imeacht	Suíomh
21/10/24	13:00	Caife an Luain	An Chearnóg, Baile Chill Dara (Ag bailiú sa Chearnóg)
21/10/24	20:30	Cruinniú Coiste	An Choirceog, Baile Chill Dara (Baill an Choiste)
23/10/24	12:00	An Club Leabhar	Leabharlann, Droichead Nua
23/10/24	13:00	Lón na Céadaoine	River Bank, Droichead Nua
23/10/24	21:30	Cártaí na Míosa	Teach Dowlings, Baile Sonnáin (Ag imirt 25 as Gaeilge)
25/10/24	10:00	Ciorcal Comhrá	Leabharlann, Droichead Nua
26/10/24	10:00	Bricfeasta na Míosa	River Café, Cill Chuillinn
28/10/24	13:00	Caife an Luain	An Chearnóg, Baile Chill Dara (Ag bailiú sa Chearnóg)
30/10/24	13:00	Lón na Céadaoine	River Bank, Droichead Nua
04/11/24	13:00	Caife an Luain	An Chearnóg, Baile Chill Dara (Ag bailiú sa Chearnóg)
06/11/24	13:00	Lón na Céadaoine	River Bank, Droichead Nua
06/11/24	20:00	Cruinniú Cinn Bhliana	Gaelscoil Mhic Aoidh, Baile Chill Dara



Sult na Sollán



Seisiún Oscailte Ceoil - JP Healy's - Dé hAoine 1 Samhain

Open Music Session - JP Healy's - Friday 1st November

Bígí linn don chéad seisiún ceoil eile - más maith leat seinnt...tabhair d'uirlisí leat. Muna bhfuil tú in ann seinnt (go fóill)...bíodh pionta agat agus bain taitneamh as an gceol agus an t-atmaisféar. Bíonn seisiúin ar siúl gach céad is tríú Aoine den mhí. Fáilte roimh chách.
Join us for the next trad session - if you'd like to play...bring your instruments. If you're not able to play (yet)...have a pint and enjoy the music and the atmosphere. Sessions are on every first and third Friday of the month. All welcome.

Caife agus Comhrá

Coffee and Chats

Bígí linn chun caint agus comhrá a bheith againn gach maidin Chéadaoin ar 10:30 in Insomnia i Nás na Ríogh. Is deis dheas í do chuid Gaeilge a chleachtadh i suíomh tacúil, cibé leibhéal atá agat.

Join us for a chat in Irish every Wednesday at 10:30 in Insomnia in Naas. It's a nice opportunity to practice your Irish in a supportive setting, whichever level you have.

Spraoi! Seisiún cleachtaidh do thosaitheoirí

Spraoi! Practice sessions for beginners

Más mian leat tús a chur le huirlis a sheinnt, pioc suas é agus tabhair leat é chuig ár seisiún cleachtaidh le Spraoi! Is grúpa muid a bhíonn ag cleachtadh gach Céadaoin ag 19:30 i Halla an Pharóiste sna Solláin. Bígí linn.

If you'd like to start playing an instrument, pick it up and bring it with you to our practice sessions - Spraoi! We have practice sessions every Wednesday at 19:30 in the Parish Hall in Sallins. All welcome.

Bricfeasta/Breakfast

Bíodh do bhricfeasta agat agus tú ag úsáid na Gaeilge chun bualadh le daoine nua i do phobal. Gach Satharn 11-12 sa Chaifé Aroma Mocha i Nás na Ríogh.

Have your breakfast while using the Irish language to meet new people in your community. Every Saturday 11-12 in the Aroma Mocha Café in Naas.



**Seachtain na Gaeilge
1 - 17 Márta 2025**



**Ar mhaith leat páirt a ghlacadh
i bpleanáil Fhéile Sráide Nás na Ríogh
agus Sheachtain na Gaeilge sa
cheantar?**

**Bí páirteach i gCoiste Sheachtain na
Gaeilge 2025!**

**Feidhmíonn an coiste trí Ghaeilge
amháin.**

**Tuilleadh eolais:
eithne@sultnasollan.ie**



Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme



Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

